



Suí iomlánach

A9-0076/2024

7.3.2024

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe (COM(2023)0660 – C9-0389/2023 – 2023/0379(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Jonás Fernández

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR	29
AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	30
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	31

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe (COM(2023)0660 – C9-0389/2023 – 2023/0379(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0660),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0389/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0076/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le **cló trom iodálach**; agus tá téacs atá scriosta léirithe leis an tsiombail **■**.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bíonn ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.
- (2) Faoi Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, gach riarthóir tagarmharcanna, gan beann ar ábharthacht shistéamach na dtagarmharcanna sin nó ar an méid ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais a úsáideann na tagarmharcanna sin mar rátaí tagartha nó mar thagarmharcanna feidhmíochta, ní mór dóibh roinnt ceanglais an-mhionsonraithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais maidir lena n-eagrú, lena rialachas agus lena gcoimbhleachtaí leasa, maidir le feidhmeanna formhaoirseachta, maidir le sonraí ionchuir, maidir le cóid iompair, maidir le sáruithe a thuairisciú, agus maidir le nochtuithe i dtaobh ráitis modheolaíochta agus tagarmharcanna. Leis na ceanglais an-mhionsonraithe sin, cuireadh ualach rialála díréireach ar riarthóirí tagarmharcanna beaga san Aontas nuair a chuirtear aidhmeanna Rialachán (AE) 2016/1011 san áireamh, is é sin cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha a leanann as neamhiontaofacht tagarmharcanna a

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

⁴ Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

sheachaint. Dá bhrí sin, is gá an t-ualach rialála sin a laghdú trí dhíriú ar na tagarmharcanna sin a ngabhann an ábharthacht eacnamaíoch is mó dóibh do mhargadh an Aontais, i.e. tagarmharcanna suntasacha agus criticiúla, agus ar na tagarmharcanna sin a rannchuidíonn le príomhbheartais an Aontais a chur chun cinn, i.e. Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras. Ar an gcúis sin, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm Theidil II, III, IV agus VI de Rialachán (AE) 2016/1011 a laghdú chuig na tagarmharcanna sonracha sin.

- (2a) **Riarthóirí tagarmharcanna ar mian leo fanacht faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011, ba cheart an rogha a bheith acu maoirseacht dheonach a iarraidh fiú mura gcomhlíonann a dtagarmharcanna an tairseach tagarmhairc shuntasáigh nó mura bhfuil siad ainmnithe mar thagarmharc suntasach. Ar an gcaoi chéanna, maidir le riarthóirí tagarmharcanna nach gcomhlíonann a dtagarmharcanna tairseach tagarmhairc shuntasáigh agus ar mian leo ceadúnas rialála a fháil faoi Rialachán (AE) 2016/1011, níor cheart cosc a chur orthu an méid sin a dhéanamh.**
- (3) Faoi Airteagal 18a de Rialachán (AE) 2016/1011, is féidir leis an gCoimisiún spot-tagarmharcanna malairte eachtraí áirithe a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin sin chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid san Aontas i gcónaí. I bhfianaise an ghá atá le fócas athbhreithnithe agus níos cúinge ar Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le tagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, níl gá leis an gcóras díolúine sonrath le haghaidh spot-tagarmharcanna malairte eachtraí a thuilleadh.
- (4) De bhun Airteagal 19d de Rialachán (AE) 2016/1011, ceanglaítear ar riarthóirí tagarmharcanna suntasacha féachaint le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar **chun íoschaighdeán le haghaidh tagarmharcanna aeráide a bhunú agus chun soláthar cuimsitheach innéacsanna aeráide a sholáthar san Aontas.**
- (5) Na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil tagarmharc ina thagarmharc suntasach, leagtar síos faoi láthair in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2016/1011 iad. Measfar tagarmharcanna a bheith ina dtagarmharcanna suntasacha, *inter alia*, i gcás ina gcomhlíonann siad an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), den Rialachán sin.
- (6) **Ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna faireachán a dhéanamh ar úsáid na dtagarmharcanna a sholáthraíonn siad san Aontas agus fógra a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann nó don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ag brath ar an áit a bhfuil an riarthóir sin lonnaithe, gur sháraigh úsáid chomhiomlán ceann dá dtagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011. *Mar sin féin, tá sé dúshlánach an tairseach sin a ríomh, go háirithe ar leibhéal an Aontais. Chun cur chun feidhme comhsheasmhach na tairisí sin a áirithiú, ba cheart do ESMA dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt chun an modh ríofa a shonrú tuilleadh. Thairis sin, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna a úsáidtear san Aontas féachaint le cód aitheantóra arna chomhaontú go domhanda a fháil chun a dtagarmharcanna a shainaithint.***
- (6a) **Chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag riarthóirí tagarmharcanna oiriúnú do na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le tagarmharcanna suntasacha, níor cheart iad a bheith faoi réir na gceanglas sin ach amháin ó 60 lá oibre ón lá a chuir**

siad an fógra sin isteach. Ina theannta sin, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid chomhiomlán an tagarmhairc sin san Aontas a sholáthar do na húdaráis inniúla lena mbaineann nó do ESMA, arna iarraidh sin dóibh.

- (6b) *I gcás nach ndéanann nó ina ndiúltaíonn riarthóir tagarmharcanna fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla gur sháraigh úsáid ceann dá thagarmharcanna an tairseach a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011, agus i gcás ina bhfuil forais shoiléire agus inléirithe ag údaráis inniúla chun a mheas gur sáraíodh an tairseach, ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann nó do ESMA, de réir mar is iomchuí, a bheith in ann a dhearbhu gur sáraíodh an tairseach, tar éis deis a thabhairt don riarthóir ar dtús éisteacht a fháil. Leis an dearbhú sin, ba cheart go spreagfaí na hoibleagáidí céanna ar an riarthóir tagarmharcanna agus a spreagfaí le fógra ón riarthóir tagarmharcanna. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do chumas na n-údarás inniúil ná do chumas ESMA pionóis riaracháin a fhorchur ar riarthóirí nach dtugann fógra gur sháraigh ceann dá dtagarmharcanna an tairseach is infheidhme.*
- (7) Forbraítear margáí, praghsanna agus an timpeallacht rialála le himeacht ama. Chun na forbairtí sin a chur san áireamh, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún an mhodheolaíocht a bheidh le húsáid ag riarthóirí agus ag údaráis inniúla a shonrú a thuilleadh chun luach iomlán ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais nó cistí infheistíochta a thagraíonn do thagarmharc a ríomh.
- (8) I gcásanna eisceachtúla, áfach, d'fhéadfadh tagarmharcanna a bheith ann a bhfuil a n-úsáid chomhiomlán faoi bhun na tairsí a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011, ach mar sin féin, de bharr an cháis shonraigh i margadh Ballstáit, tá siad chomh tábhachtach sin don Bhallstát sin go mbeadh tionchar inchomparáide ag aon easpa iontaofachta agus a bheadh ag tagarmharc a sáraíonn a úsáid an tairseach sin. Ar an gcúis sin, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit sin a bheith in ann tagarmharc den sórt sin a ainmniú, i gcás inar riarthóir ón Aontas a sholáthraíonn an tagarmharc sin, mar thagarmharc suntasach ar bhonn tacar critéar cáilíochtúil. I gcás tagarmharcanna arna soláthar ag riarthóirí neamh-AE, ba cheart gurb é ESMA, arna iarraidh sin d'údarás inniúil amháin nó níos mó, a ainmníonn tagarmharc den sórt sin mar thagarmharc suntasach.
- (9) Chun comhsheasmhacht agus comhordú ainmniúcháin náisiúnta na dtagarmharcanna mar thagarmharcanna suntasacha a áirithiú, údaráis inniúla a bhfuil sé beartaithe acu tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach, ba cheart dóibh dul i gcomhairle le ESMA. Ar an gcúis chéanna, údarás inniúil Ballstáit a bhfuil sé beartaithe aige tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá lonnaithe i mBallstát eile a ainmniú mar thagarmharc suntasach, ba cheart dó dul i gcomhairle le húdarás inniúil an Bhallstáit eile sin freisin. I gcás ina n-easaontaíonn údaráis inniúla faoi cé acu díobh ar cheart dó tagarmharc a ainmniú agus a mhaoirsiú, ba cheart do ESMA an t-easaontas sin a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

- (10) Chun an ceart chun éisteacht a fháil a urramú, sula n-ainmníonn údarás inniúil nó ESMA tagarmharc mar thagarmharc suntasach, ba cheart dóibh a cheadú do riarthóir an tagarmhairc sin aon fhaisnéis úsáideach is ábhartha maidir lena ainmniú a sholáthar.
- (11) Chun go mbeidh an t-ainmniúchán mar thagarmharc suntasach chomh trédhearcach agus is féidir, ba cheart d'údarás inniúla nó do ESMA cinneadh ainmniúcháin a eisiúint ina mbeadh na cúiseanna a mheastar an tagarmharc sin a bheith suntasach. Ba cheart d'údarás inniúla an cinneadh ainmniúcháin a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt do ESMA faoin gcinneadh sin. Ar na cúiseanna céanna, i gcás ina n-ainmníonn ESMA tagarmharc mar thagarmharc suntasach arna iarraidh sin d'údarás inniúil, ba cheart do ESMA an cinneadh ainmniúcháin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus ba cheart dó fógra a thabhairt don údarás inniúil iarrthach faoi sin.
- (12) Is catagóirí sonracha tagarmharcanna iad Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE (*EU-CTB*) agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (*EU-PAB*), arna sainiú de réir mar a chomhlíonann siad rialacha lena rialaítear a modheolaíocht agus *ceanglais* a riarthóra *maidir le nochtadh*. Ar an gcúis sin, agus chun cosc a chur ar éilimh a d'fhéadfadh a thabhairt le fios d'úsáideoirí go gcomhlíonann na tagarmharcanna sin na caighdeáin a ghabhann leis na lipéid sin, is gá na tagarmharcanna sin a chur faoi réir clárú, údarú, *aitheantas nó formhuiniú* sainordaitheach, de réir mar is iomchuí, agus faoi réir maoirseachta.
- (12a) *Ba cheart láimhseáil rialála na dtagarmharcanna tráchtearraí a chur in oiriúint dá saintréithe sonracha. Ba cheart tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir na rialacha ginearálta maidir le tagarmharcanna airgeadais a láimhseáil ar bhealach comhionann le tagarmharcanna airgeadais eile agus níor cheart iad a chumhdach le Rialachán (AE) 2016/1011 ach amháin más tagarmharcanna suntasacha nó criticiúla iad agus nár díolmhaíodh ó raon feidhme an Rialacháin seo iad. Ba cheart tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir an chórais shonraigh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1011 a chumhdach i gcónaí leis an Rialachán sin chun stóinseacht agus iontaofacht a measúnúithe a áirithiú.*
- (13) Chun tús tráthúil na maoirseachta ar thagarmharcanna suntasacha a áirithiú, ba cheart go gceanglófaí ar riarthóirí tagarmharcanna a tháinig chun bheith suntasach tríd an tairseach chainníochtúil is infheidhme a bhaint amach nó trí ainmniú, údarú nó clárú a lorg, laistigh de 60 lá oibre, nó, i gcás tagarmharcanna arna soláthar ag riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír, formhuiniú nó aitheantas a lorg.
- (14) Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le húsáid tagarmharcanna a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte lena n-úsáid san Aontas, agus chun rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí féideartha, ba cheart d'údarás inniúla agus do ESMA a bheith in ann rabhadh a eisiúint i bhfoirm fógra poiblí nach gcomhlíonann riarthóir tagarmhairc shuntasaigh na ceanglais is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na hoibleagáide go mbeadh an riarthóir tagarmharcanna údaraithe, cláraithe, formhuinithe nó aitheanta, de réir mar is infheidhme. A luaithe a eiseofar rabhadh den sórt sin, níor cheart d'eintitis faoi mhaoirseacht a bheith in ann tagairtí nua do thagarmharcanna den sórt sin nó do theaghlaim de thagarmharcanna a chur isteach a thuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, chun cosc a chur ar na rioscaí a bhaineann le húsáid tagarmharcanna lena n-éilítear go gcomhlíontar na lipéid Aistrithe Aeráide AE agus na lipéid AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras gan bheith faoi réir maoirseacht leormhaith, níor cheart d'eintitis faoi mhaoirseacht a bheith in ann tagairtí nua a chur le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE ná le Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ná le

teaglam de thagarmharcanna den sórt sin san Aontas i gcás nach n-áirítear riarthóir na dtagarmharcanna sin i gclár riarthóirí agus tagarmharcanna ESMA.

- (15) Chun míshocracht sa mhargadh a d'fhéadfadh a bheith iomarcach a sheachaint tar éis úsáid tagarmhairc a thoirmeasc, ba cheart d'údaráis inniúla nó do ESMA a bheith in ann úsáid leanúnach shealadach tagarmhairc den sórt sin a cheadú. Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cosanta a áirithiú *vis-à-vis* infheisteoirí deiridh, ba cheart d'úsáideoirí na dtagarmharcanna sin atá faoi réir rabhaidh i bhfoirm fógra poiblí rogha mhalartach oiriúnach a shainaithint chun tagarmharcanna nua a chur in ionad na dtagarmharcanna sin laistigh de 6 mhí tar éis an fógra poiblí sin a bheith foilsithe, nó ba cheart dóibh a áirithiú ar bhealach eile go gcuirfear cliaint ar an eolas go hiomchuí faoin easpa tagarmhairc mhalartaigh.
- (16) Faoi Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/1011, is bealach sealadach chun rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais é aitheantas a thabhairt do riarthóirí tagarmharcanna atá lonnaithe i dtríú tír go dtí go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh coibhéise. Mar sin féin, i bhfianaise an lín an-teoranta tagarmharcanna tríú tír a chumhdaítear le cinntí coibhéise, ba cheart aitheantas den sórt sin teacht chun bheith ina bhealach buan chun rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais le haghaidh na riarthóirí tagarmharcanna sin.
- (17) Tagarmharcanna a chumhdaítear le cinneadh coibhéise, meastar go ndéantar iad a rialáil agus a mhaoirsiú ar bhealach coibhéiseach le tagarmharcanna an Aontais. Dá bhrí sin, an oibleagáid a bhaineann le formhuiniú nó aitheantas a lorg, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le riarthóirí tagarmharcanna suntasacha atá lonnaithe i dtríú tír a thairbhíonn de chinneadh coibhéise.
- (18) Ar mhaithe le trédhearcacht agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, údaráis inniúla a ainmníonn tagarmharc mar thagarmharc suntasach, ba cheart dóibh na srianta úsáide féideartha a shonrú, ar srianta iad a thagann chun cinn i gcás nach bhfuil riarthóir an tagarmhairc sin údaraithe nó cláraithe nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le formhuiniú ná aitheantas, de réir mar is infheidhme.
- (19) Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le húsáid tagarmharcanna suntasacha faoi mhaoirseacht neamhleor, i gcás nach lorgaíonn riarthóir tagarmhairc a thagann chun bheith ina thagarmharc suntasach údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú laistigh den teorainn ama a leagtar amach, nó i gcás ina dteipeann ar an údarú, an clárú, an t-aitheantas nó an formhuiniú do riarthóir tagarmharcanna den sórt sin, nó i gcás ina dtarraingíonn riarthóir a údarú, clárú, formhuiniú nó aitheantas siar, ba cheart don údarás inniúil nó do ESMA, de réir mar is infheidhme, fógra poiblí a eisiúint lena sonraítear nach bhfuil na tagarmharcanna suntasacha arna soláthar ag an riarthóir sin oiriúnach lena n-úsáid sa Aontas.
- (20) Bíonn úsáideoirí tagarmharcanna ag brath ar thrédhearcacht maidir le stádas rialála na dtagarmharcanna a úsáideann siad nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a úsáid. Ar an gcúis sin, na tagarmharcanna siúd atá faoi réir na gceanglas is mionsonraithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1011, ba cheart do ESMA iad a liostú i gclár na riarthóirí agus na dtagarmharcanna, toisc go bhfuil a n-úsáid san Aontas os cionn na tairsí arna leagan síos le haghaidh tagarmharcanna suntasacha, toisc gur ainmnigh maoirseoir náisiúnta nó ESMA mar thagarmharcanna suntasacha iad, nó toisc gur tagarmharcanna criticiúla iad. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do ESMA Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras arna soláthar ag riarthóirí atá údaraithe nó cláraithe a liostú sa chlár sin freisin. Ar deireadh, na tagarmharcanna ar

eisigh údarás inniúil nó ESMA fógra poiblí ina leith lena dtoirmiscear úsáid a bhaint as an tagarmharc sin a thuilleadh, ba cheart do ESMA iad a liostú sa chlár freisin. Chun an t-ualach ar úsáideoirí a laghdú a thuilleadh, ba cheart an fhaisnéis sin uile a chur ar fáil go héasca san Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair (ESAP) freisin.

(20a) *Tá dhá chatagóir de thagarmharcanna a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais faoi réir chomhlíonadh na n-íoschaighdeán a leagtar amach i ndlí an Aontais, eadhon Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE (EU-CTB) agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (EU-PAB). Le Rialachán (AE) 2019/2089, tugadh isteach rialacha maidir le trédhearcacht tagarmharcanna lena maítear, ina ndoiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaióchta, go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais i gcuntas ina ndearadh. Chun ardleibhéal trédhearcachta maidir le héilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais agus leibhéal leormhaith cosanta d'úsáideoirí a choinneáil, is iomchuí a cheangal ar úsáideoirí gan tagarmharcanna lena ndéantar éilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais a úsáid i gcás nach soláthraítear d'úsáideoirí leis na tagarmharcanna sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe d, agus in Airteagal 27(2a) de Rialachán (AE) 2016/1011. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin maidir le húsáid aon tagarmhairc lena maítear go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais san áireamh ina dhearadh, gan beann ar an ndéantar na tagarmharcanna sin a riar san Aontas nó i dtríú tír.*

Mar sin féin, d'fhéadfadh catagóirí eile tagarmharcanna lena ndéantar éilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais, nach meastar gur Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE ná Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras iad, rannchuidiú le príomhbheartais an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn, le cuspóirí gaolmhara a bhaint amach nó leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme, nó de rogha air sin, d'fhéadfadh siad an méid sin a chur i mbaol.

Dá bhrí sin, is iomchuí go dtíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil faoin 31 Nollaig 2028, ar bhonn ionchur ó ESMA, ina ndéanfar measúnú ar infhaighteacht tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais i margáí Eorpacha agus domhanda agus ar a nglacadh sa mhargadh, ina ndéanfar anailís i dtaobh an measfaí iad a bheith ina dtagarmharcanna suntasacha, agus ina ndéanfar staidéar ar na costais agus ar na héifeachtaí ar infhaighteacht an mhargaidh agus ar chineál athraitheach na dtáscairí inbhuanaithe agus na modhanna a úsáidtear chun iad a thomhas. Thairis sin, ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tagarmharcanna lena ndéantar éilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais a rialáil, arb é is aidhm dó leibhéal leormhaith cosanta a choinneáil d'úsáideoirí na dtagarmharcanna sin chomh maith le hardleibhéal trédhearcachta, an riosca a bhaineann le glas-snasú a laghdú agus comhleanúnachas le reachtaíocht eile an Aontais i dtaca le ceanglais maidir le nochtadh inbhuanaithe a áirithiú. Ba cheart measúnú tionchair agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin.

(21) *Chun aistriú saoráideach chuig cur i bhfeidhm na rialacha arna dtabhairt isteach faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do riarthóirí a ndearnadh maoirseacht orthu roimhe sin faoi Rialachán (AE) 2019/2089 na cláruithe, na húdaruithe, na haitheantais nó na formhuinithe atá ann cheana a choinneáil go ceann 9 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo. Tá sé beartaithe leis an tréimhse*

sin deis leordhóthanach a thabhairt d'údaráis inniúla agus do ESMA *a chinneadh ar cheart aon cheann de na riarthóirí a ndearnadh maoirseacht orthu roimhe sin a ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán leasaitheach seo. Má ainmneofar iad, ba cheart cead a thabhairt do* riarthóirí a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh *roimhe sin nó do riarthóirí a chineann an Rialachán seo a chur chun feidhme dá ndeoin féin, a stádas roimhe sin a choinneáil gan a bheith orthu iarratas a dhéanamh an athuair. Ba cheart cead a thabhairt do riarthóirí tagarmharcanna suntasacha, in aon chás, a stádas mar riarthóirí tagarmharcanna údaraithe, cláraithe, aitheanta nó formhuiníthe a choinneáil.*

(22) Chun an t-am is gá a thabhairt d'údaráis inniúla agus do ESMA chun faisnéis a bhailiú maidir le tagarmharcanna suntasacha féideartha agus chun an bonneagar atá ann cheana a oiriúnú don chreat nua atá beartaithe faoin Rialachán leasaitheach seo, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/1011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/1011

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Níl feidhm ag Teidil II agus III, *cé is moite d’Airteagail 23a go 23c*, ná ag Teidil IV agus VI ach amháin i leith tagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras. *Tá feidhm ag Airteagal 10 i dTeideal II agus Teidil III, IV agus VI maidir le tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II.*’;

(b) i mír 2, scriostar pointe (g) *(i)*;

(2) in Airteagal 3, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(-a) i bpointe (17), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

‘(m) riarthóir atá údaraithe nó cláraithe de bhun Airteagal 34’;

(a) scriostar pointe (22a);

(b) scriostar pointe (27);

(3) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 5, an dara fomhír, scriostar an abairt dheireanach;

(b) scriostar mír 6;

(4) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 5, an chéad fhomhír, scriostar an abairt dheireanach;

(b) scriostar mír 6;

(5) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

- (a) i mír 3, an chéad fhomhír, scriostar an abairt dheireanach;
- (b) scriostar mír 4;
- (6) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:
 - (a) i mír 5, an dara fhomhír, scriostar an abairt dheireanach;
 - (b) scriostar mír 6;
- (7) i dTeideal III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 2:

‘Tagarmharcanna ráta úis’;

- (7a) *in Airteagal 18(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:*

‘Ní bheidh feidhm ag Airteagal 25 maidir le tagarmharcanna ráta úis a sholáthar ná le rannchuidiú leo.’;

- (8) scriostar Airteagal 18a;

- (8a) *in Airteagal 19(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:*

‘Ní bheidh feidhm ag Airteagal 25 maidir le tagarmharcanna tráchtearraí a sholáthar ná le rannchuidiú leo.’;

- (9) in Airteagal 19a, cuirtear *na míreanna* seo a leanas leis:

‘4. Riarthóirí nach bhfuil *ar áireamh i gclár ESMA dá dtagraítear in Airteagal 36*, ní dhéanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna *AE* atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar *nó a fhorhhuiniú*;

(b) a chur in iúl nó a thabhairt le fios, in ainm na dtagarmharcanna a chuireann siad ar fáil lena n-úsáid san Aontas nó sa doiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta le haghaidh na dtagarmharcanna sin, go gcomhlíonann na tagarmharcanna a chuireann siad ar fáil na ceanglais is infheidhme maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar.’

4 a. Cuirfidh riarthóirí an téarma ‘EU-CTB’ in ainm Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus an téarma ‘EU-PAB’ in ainm Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras.;

- (10) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19d:*

‘Airteagal 19d

Féachaint le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar

Riarthóirí atá lonnaithe san Aontas agus a sholáthraíonn tagarmharcanna suntasacha arna gcinneadh ar bhonn luach ceann amháin nó níos mó de shócmhainní nó de phraghsanna forluiteacha, féachfaidh siad le ceann amháin nó níos mó de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar.’;

- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

‘Airteagal 24

Tagarmharcanna suntasacha

1. Tagarmharc nach tagarmharc criticiúil é, is tagarmharc suntasach a bheidh ann i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) úsáidtear an tagarmharc go díreach nó go hindíreach i dteaghlaim de thagarmharcanna laistigh den Aontas mar thagairt le haghaidh ionstraimí airgeadais nó conarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, ag a bhfuil meánluach iomlán EUR 50 billiún ar a laghad, ar bhonn **shaintréithe an tagarmhairc, lena n-áirítear:**
 - (i) raon aibíochtaí nó éirimí an tagarmhairc, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí;
 - (ii) **airgeadraí uile nó aonaid tomhais eile an tagarmhairc, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí; agus**
 - (iii) **na modheolaíochtaí uile chun torthaí a ríomh, i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 6 mhí;**
 - (b) ainmníodh an tagarmharc mar thagarmharc suntasach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i míreanna 3, 4 agus 5 nó leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 6.
2. Tabharfaidh riarthóir fógra láithreach do **ESMA agus, má tá sé lonnaithe i mBallstát de chuid an Aontais**, d'údarás inniúil an Bhallstáit **sin** , i gcás ina sáraíonn ceann amháin nó níos mó de thagarmharcanna an riarthóra sin an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). Tar éis dó an fógra sin a fháil, foilseoidh **ESMA** ráiteas ar a shuíomh gréasáin lena sonrófar go bhfuil an tagarmharc sin suntasach **i mBallstát amháin nó laistigh den Aontas**.

Arna iarraidh sin do riarthóir, soláthróidh sé faisnéis **do ESMA agus** d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé lonnaithe **sin** a mhéid a bhaineann le cé acu a sáraíodh nó nár sáraíodh an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) go héifeachtach.

I gcás ina bhfuil forais shoiléire agus inléirithe ag údarás inniúil nó **sin** ag ESMA chun a mheas go sáraíonn tagarmharc an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil nó ESMA fógra a eisiúint lena gcuirtear an méid sin in iúl. Leis an bhfógra sin, spreagfar na hoibleagáidí céanna ar an riarthóir tagarmharcanna agus a spreagfaí le fógra dá dtagraítear i mír 2. 10 lá oibre ar a laghad sula n-eiseofar an fógra sin, cuirfidh an t-údarás inniúil nó ESMA riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann ar an eolas faoina thorthaí, agus iarraidh sé ar an riarthóir sin aon bharúil a chur faoina bhráid.
3. Féadfaidh údarás inniúil, tar éis dul i gcomhairle le ESMA i gcomhréir le mír 4 agus an chomhairle uaidh a chur san áireamh, tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá lonnaithe san Aontas nach gcomhlíonann an coinníoll a leagtar síos i mír 1, pointe (a), a ainmniú mar thagarmharc suntasach i gcás ina gcomhlíonann an tagarmharc sin na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) níl aon ionadaí oiriúnach atá faoi stiúir an mhargaidh ag an tagarmharc, nó is fíorbheagán ionadaithe den sórt sin atá aige;
 - (b) i gcás ina scoireann an tagarmharc de bheith á sholáthar nó gur ar bhonn sonraí ionchuir nach bhfuil lán-ionadaíoch a thuilleadh ar an mbunmhargadh nó ar an bhfíorchás eacnamaíoch nó gur ar bhonn sonraí ionchuir neamhiontaofa a

sholáthraítear é, bheadh tionchair shuntasacha agus dhochracha ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar, nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí ina Bhallstát *nó san Aontas*;

(c) níor ainmnigh údarás inniúil Ballstáit eile *nó ESMA* an tagarmharc.

I gcás ina dtagann údarás inniúil ar an gconclúid go gcomhlíonann tagarmharc na critéir a leagtar amach sa chéad fhomhír, ullmhóidh an t-údarás inniúil dréachtchinneadh chun an tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin don riarthóir lena mbaineann agus d'údarás inniúil Bhallstát baile an riarthóra i gcás inarb ábhartha. Rachaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann i gcomhairle le ESMA maidir leis an dréachtchinneadh freisin.

Beidh 15 lá oibre ón dáta a thugtar fógra faoin dréachtchinneadh ón údarás inniúil ainmniúcháin lena mbaineann ag na riarthóirí lena mbaineann agus ag údarás inniúil Bhallstát baile an riarthóra chun barúlacha agus tráchtanna a thabhairt i scríbhinn. Cuirfidh an t-údarás inniúil ainmniúcháin lena mbaineann ESMA ar an eolas faoi na barúlacha agus na tuairimí a gheofar agus déanfaidh sé breithniú cuí ar na barúlacha agus na tráchtanna sin sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil ainmniúcháin fógra do ESMA faoina chinneadh, agus foilseoidh sé an cinneadh, lena n-áirítear na cúiseanna ar lena n-aghaidh a ndearnadh é agus iarmhairtí an ainmniúcháin sin, ar a shuíomh gréasáin gan moill mhíchúí.;

4. I gcás ina rachaidh údarás inniúil i gcomhairle le ESMA maidir lena rún tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach i gcomhréir le mír 3, an chéad fhomhír, déanfaidh ESMA, laistigh de 3 mhí, comhairle a eisiúint lena gcuirfear na tosca seo a leanas san áireamh, i bhfianaise shaintréithe sonracha an tagarmhairc lena mbaineann:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil cuí-réasúnú leormhaith déanta ag an údarás inniúil a théann i gcomhairle le ESMA ar a mheasúnú go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír á gcomhlíonadh;

(b) i gcás ina scoireann an tagarmharc de bheith á sholáthar nó gur ar bhonn sonraí ionchuir nach bhfuil lán-ionadaíoch a thuilleadh ar an mbunmhargadh nó ar an bhfíorchás eacnamaíoch nó gur ar bhonn sonraí ionchuir neamhiontaofa a sholáthraítear é, an mbeadh tionchair shuntasacha agus dhochracha ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar, nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí *san Aontas nó* i mBallstáit seachas Ballstát an údaráis inniúil a théann i gcomhairle le ESMA.

Chun críoch phointe (b), tabharfaidh ESMA aird chuí, i gcás inarb ábhartha, ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an údarás a théann i gcomhairle leis de bhun an tríú fhomhí de mhír 3.

5. I gcás ina suífidh ESMA go gcomhlíonann tagarmharc na coinníollacha faoi mhír 3, *an chéad fhomhír*, pointí (a) agus (b), *san Aontas nó* i níos mó ná Ballstát amháin, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin. ■

Ullmhóidh ESMA dréachtchinneadh chun an tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach laistigh den Aontas agus tabharfaidh sé fógra faoin

dréachtchinneadh sin don riarthóir lena mbaineann agus do na húdaráis inniúla ábhartha i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b). Beidh 15 lá oibre ón dáta a thugtar fógra faoin dréachtchinneadh ó ESMA ag na riarthóirí lena mbaineann agus ag na húdaráis inniúla ábhartha chun barúlacha agus tráchtanna a thabhairt i scríbhinn. Déanfaidh ESMA breithniú cuí ar na barúlacha agus na tráchtanna sin sula ndéanfaidh sé cinneadh críochnaitheach a ghlacadh agus a fhoilsiú.

6. Féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin d'údarás inniúil, *nó ar a thionscnamh féin*, tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír nach gcomhlíonann an tairseach a leagtar síos i mír 1, pointe (a), a ainmniú mar thagarmharc suntasach i gcás ina gcomhlíonann an tagarmharc sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) níl aon ionadaí oiriúnach atá faoi stiúir an mhargaidh ag an tagarmharc, nó is fíorbheagán ionadaithe den sórt sin atá aige;

(b) i gcás ina scoirfeadh an tagarmharc de bheith á sholáthar, nó gur ar bhonn sonraí ionchuir nach bhfuil lán-ionadaíoch a thuilleadh ar an mbunmhargadh ná ar an bhfíorchás eacnamaíoch nó gur ar bhonn sonraí ionchuir neamhiontaofa a sholáthrófaí é, bheadh tionchair shuntasacha agus dhochracha ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar, nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí *san Aontas nó* i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit.

Roimh an gcinneadh ainmniúcháin agus a luaithe is féidir, cuirfidh ESMA riarthóir an tagarmhairc ar an eolas faoina rún, agus iarraidh sé ar an riarthóir sin ráiteas réasúnaithe a sholáthar do ESMA laistigh de 15 lá oibre ina mbeidh aon fhaisnéis ábhartha chun críoch an mheasúnaithe a bhaineann le hainmniúchán an tagarmhairc mar thagarmharc suntasach.

I gcás inarb infheidhme, iarraidh ESMA, a luaithe is féidir, ar údarás inniúil na dlínse ina bhfuil an riarthóir lonnaithe aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar chun críoch an mheasúnaithe a bhaineann le hainmniúchán an tagarmhairc.

Tabharfaidh ESMA cúis le haon chinneadh ainmniúcháin agus cuirfidh sé san áireamh cé acu atá nó nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo á gcomhlíonadh, i bhfianaise shaintréithe sonracha an tagarmhairc lena mbaineann.

Foilseoidh ESMA an cinneadh réasúnaithe uaidh ar a shuíomh gréasáin agus tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil iarrthach nó do na húdaráis inniúla iarrthacha gan moill mhíchúí.

- 6a. *Riarthóirí tagarmharcanna nach gcomhlíonann na ceanglais lena meas mar thagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh dá ndeoin féin ar rochtain ar an gclár dá bhforáiltear in Airteagal 36 trí bhíthin údarú, clárú, aitheantas nó formhuiniú.*

Riarthóirí a chineann an Rialachán seo a chur chun feidhme dá ndeoin féin, déanfaidh siad amhlaidh i scríbhinn lena n-údarás maoirseachta reatha, in aghaidh an tagarmhairc, agus measfar gach ceann de na tagarmharcanna sin a bheith ina dtagarmharcanna suntasacha faoin Rialachán seo.

Le tarscaoileadh deonach an chórais sin, ní chuirfear cosc ar na freagrachtaí riaracháin comhfhreagracha a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh Rialachán (AE) 2016/1011 nó sárú air le linn a rannpháirtíochta deonaí sa chlár dá bhforáiltear in Airteagal 36.

7. *Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:*

(i) an modh ríofa, lena n-áirítear foinsí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, atá le húsáid chun an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo a chinneadh;

(ii) na critéir chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an sáraíonn tagarmharc an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a,) d'Airteagal 24(1) i mBallstát amháin nó ar fud an Aontais;

(iii) an fhaisnéis a chuirfidh na húdaráis inniúla ar fáil nuair a rachaidh siad i gcomhairle le ESMA mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 24, mír 3;

(iv) na critéir dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), d'Airteagal 24 agus aon sonraí lena gcabhraítear le measúnú a dhéanamh ar an tionchar suntasach agus dochrach atá ag scor an tagarmhairc nó ag neamhiontaofacht an tagarmhairc ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfiorghuilleagar, nó ar mhaoiniú teaghlach agus gnólachtaí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit á chur i gcuntas.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7a. *Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ESMA, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le leordhóthanacht na tairisí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i bpraghsanna agus forbairtí rialála. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí. Déanfar an t-athbhreithniú sin gach 3 bliana ar a laghad.*

7b. *I gcás ina measann ESMA gur iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) tráth is luaithe i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i bpraghsanna agus forbairtí rialála, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach. Ar an iarraidh sin a fháil dó, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ngá atá le athmheasúnú a dhéanamh ar an tairseach agus gníomhóidh sé i gcomhréir le mír 7a.;*

(12) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

Ceanglais maidir le riarthóirí tagarmharcanna suntasacha

- (1) Laistigh de 60 lá oibre tar éis an fógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2) a thabhairt, riarthóir tagarmhairc a chomhlíonann an critéar dá dtagraítear i mír (1), pointe (a), den Airteagal sin, lorgóidh sé údarú nó clárú le húdarás inniúil an Bhallstáit ***i gcás ina bhfuil an tagarmharc suntasach sa Bhallstát sin, nó le ESMA i gcás ina bhfuil an tagarmharc suntasach laistigh den Aontas.*** I gcás ina bhfuil an riarthóir sin lonnaithe i dtríú tír agus mura rud é go gcumhdaítear an tagarmharc lena mbaineann le cinneadh coibhéise arna ghlacadh de bhun Airteagal 30, ***déanfaidh*** an riarthóir sin, laistigh de 60 lá oibre tar éis an fógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2) a thabhairt, ***iarratas chuig ESMA ar*** cheachtar de na nithe seo a leanas:
 - (a) aitheantas ■ de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32;
 - (b) formhuiniú de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 33.
 - (2) Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(3), lorgóidh riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann údarú nó clárú leis an údarás inniúil ainmniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34, mura rud é go bhfuil an riarthóir sin údaraithe nó cláraithe cheana féin ***ag údarás náisiúnta inniúil.***
 - (2a) ***Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(5), lorgóidh riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann údarú nó clárú le ESMA i gcomhréir le hAirteagal 34, mura rud é go bhfuil an riarthóir sin údaraithe nó cláraithe cheana féin. Má tá an riarthóir sin údaraithe nó cláraithe cheana féin i mBallstát, aistreofar an t-údarú nó an clárú sin chuig ESMA.***
 - (3) Laistigh de 60 lá oibre tar éis ainmniúchán dá dtagraítear in Airteagal 24(6), déanfaidh riarthóir an tagarmhairc lena mbaineann ■ ***iarratas chuig ESMA ar*** cheachtar de na nithe seo a leanas:
 - (a) aitheantas ■ de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 32;
 - (b) formhuiniú de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 33.
- Roghnóidh riarthóirí tagarmharcanna tríú tír riarthóir formhuiniúcháin san Aontas.***
- (4) Bainfidh ESMA nó údarás inniúla úsáid as na cumhachtaí maoirseachta agus smachtbhannaí a chuirtear ar a n-iontaoibh faoin Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonann na riarthóirí ábhartha a n-oibleagáidí.
 - (5) Eiseoidh an t-údarás inniúil nó ESMA fógra poiblí lena sonrú nach gcomhlíonann tagarmharc suntasach arna sholáthar ag riarthóir an Rialachán seo agus go bhfuil úsáideoirí le staonadh ón tagarmharc sin a úsáid i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) laistigh de 60 lá oibre tar éis an fógra dá dtagraítear in Airteagal 24(2) a thabhairt, tar éis an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(3) nó tar éis an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(6), níor thionscain an riarthóir lena mbaineann nósanna imeachta chun mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh;

- (b) theip ar na nósanna imeachta um údarú, clárú, aitheantas nó formhuiniú;
- (c) rinne ESMA clárú an riarthóra a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 31;
- (d) rinne ESMA aitheantas an riarthóra lena mbaineann a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 32(8);
- (e) tá formhuiniú an riarthóra lena mbaineann imithe in éag;
- (f) rinne an t-údarás inniúil údarú nó clárú an riarthóra lena mbaineann a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

Tabharfaidh údaráis inniúla fógra do ESMA faoi gach fógra poiblí arna eisiúint gan moill mhíchuí. Foilseoidh ESMA gach fógra poiblí arna eisiúint ar a shuíomh gréasáin. Bainfidh ESMA nó an t-údarás inniúil an fógra poiblí gan moill mhíchuí a luaithe nach mbeidh an chúis ar eisíodh é bailí a thuilleadh.;

(13) i dTeideal III, scriostar Caibidil 6;

(13a) leasaítear Airteagal 28, mír 2, mar a leanas:

‘2. Déanfaidh eintitis faoi mhaoirseacht, nach riarthóir amhail dá dtagraítear i mír 1 iad, a úsáideann tagarmharc, pleananna láidre i scríbhinn a chur ar fáil agus a chothabháil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfaidís i gcás ina n-athraítear tagarmharc go hábhartha nó ina scoireann sé de bheith á sholáthar. I gcás inarb indéanta agus iomchuí sin, déanfar tagarmharc malartach amháin nó roinnt tagarmharcanna malartacha a ainmniú sna pleananna sin, ar tagarmharcanna iad a bhféadfaí tagairt dóibh chun teacht in ionad tagarmharcanna nach mbeadh á soláthar a thuilleadh, ina léirítear na cúiseanna maidir le hoiriúnacht tagarmharcanna malartacha den sórt sin. Soláthróidh na heintitis faoi mhaoirseacht, arna iarraidh sin orthu agus gan moill mhíchuí, na pleananna sin mar aon le haon nuashonruithe don údarás inniúil ábhartha agus déanfar iad a léiriú sna forálacha cúltaca conarthacha is infheidhme maidir le conarthaí airgeadais, ionstraimí airgeadais agus cistí infheistíochta.’;

(14) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Úsáid tagarmharcanna criticiúla, tagarmharcanna suntasacha, tagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

*‘1. Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua le **tagarmharc criticiúil**, le tagarmharc suntasach ná le teaghlaim de thagarmharcanna den sórt sin san Aontas i gcás ina bhfuil an tagarmharc sin nó an teaghlaim de thagarmharcanna sin ina ábhar nó ina hábhar d’fhógra poiblí arna eisiúint ag ESMA nó ag údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 24a(5). Ní chuirfidh eintiteas faoi mhaoirseacht tagairtí nua **le tagarmharc criticiúil, le tagarmharc tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II**, le Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE, le Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú*

Pháras ná le teaghlaim de thagarmharcanna den sórt sin san Aontas i gcás nach bhfuil riarthóir na dtagarmharcanna sin ar áireamh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36.

Ceadóidh eintitis faoi mhaoirseacht an tIonad Eorpach Ilfhreastail Aonair (ESAP) dá dtagraítear in Airteagal 28a, nó clár ESMA dá dtagraítear in Airteagal 36, go tráthrialta chun fíorú a dhéanamh ar stádas rialála riarthóirí **tagarmharcanna criticiúla**, tagarmharcanna suntasacha, **tagarmharcanna tráchtarraí faoi réir Iarscríbhinn II**, Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a bhfuil sé beartaithe acu iad a úsáid.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh ESMA nó an t-údarás inniúil, de réir mar is iomchuí, úsáid tagarmhairc a cheadú faoi réir fógra poiblí arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 24a(5) go ceann tréimhse 6 mhí tar éis an fógra poiblí a bheith foilsithe, agus a bheidh in-athnuaithe uair amháin, i gcás inar gá chun míshocracht thromchúiseach sa mhargadh a sheachaint, **nó go ceann tréimhse 24 mhí, nach mbeidh in-athnuaithe, maidir leis an méid seo a leanas:**

- (a) **cruthú margaidh chun tacú le gníomhaíocht cliant a bhaineann le hidirbhearta arna ndéanamh ar dháta éifeachtach an toirmisc;**
- (b) **idirbhearta nó gníomhaíochtaí eile lena ndéantar neamhchosaint an eintitis faoi mhaoirseacht ar an tagarmharc toirmisce nó neamhchosaint aon chliant de chuid an eintitis faoi mhaoirseacht air a laghdú nó a fhálú;**
- (c) **nuachan idirbheart;**
- (d) **idirbhearta arna ndéanamh ar mhaithe le rannpháirtíocht i nós imeachta ceant de chuid contrapháirtí lárnach i gcás mainneachtain comhalta, lena n-áirítear idirbhearta chun an neamhchosaint a thiocfáidh as sin a fhálú;**
- (e) **idirshuíomh nó úsáid eile dá bhforáiltear i socrúithe cúltaca conarthacha i ndáil leis an tagarmharc toirmisce.’;**

(c) cuirtear **míreanna** nua **1b, 1ba, 1bb agus 1bc** isteach:

‘**1b.** Eintiteas faoi mhaoirseacht a úsáideann tagarmharc, ar tagarmharc is ábhar d’fhógra poiblí de bhun Airteagal 24a(5) é, i gconarthaí airgeadais atá ann cheana **nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta** nó ionstraimí airgeadais **a thomhas**, cuirfidh sé rogha mhalartach iomchuí in ionad an tagarmhairc sin laistigh de 6 mhí tar éis an fógra sin a bheith foilsithe, nó eiseoidh agus foilseoidh sé ráiteas ar a shuíomh gréasáin **lena gcuirfear míniú réasúnaithe ar fáil do** chliant **maidir leis an gcúis nach féidir leis déanamh amhlaidh.’**

1ba. **Ní fhéadfaidh eintiteas faoi mhaoirseacht úsáid a bhaint as tagarmharc lena maítear, ina dhoiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta, nó ina ainmníocht, go gcuirtear tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais san áireamh ina mhodheolaíocht, ach amháin i gcás ina nochtann a riarthóir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (d), agus in Airteagal 27(2a). Le gach ceanglas maidir le nochtadh modheolaíochta, féachfar le comhleanúnachas le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/2088 a bhaint amach.**

Beidh feidhm ag an mír seo maidir le tagarmharcanna an Aontais agus tagarmharcanna nach de chuid an Aontais iad araon.

(ca) leasaítear mír 2 mar a leanas:

- 2. I gcás inarb é is cuspóir do réamheolaire atá le foilsiú faoi Threoir 2003/71/CE nó faoi Threoir 2009/65/CE ná urrúis inaistrithe nó táirgí infheistíochta eile a dhéanann tagairt do thagarmharc criticiúil, tagarmharc suntasach, tagarmharc tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, déanfaidh eisitheoir, tairgeoir nó an duine a iarrann go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte é a áirithiú, nuair a bheidh fógra poiblí faoin tagarmharc a úsáidtear ar áireamh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo, laistigh de 9 mí tar éis an fógra a bheith foilsithe, go n-áireofar an fhaisnéis sin sa réamheolaire freisin ar bhealach soiléir agus feiceálach.*

(cb) cuirtear mír 2a nua isteach:

- 2a. Féachfaidh riarthóirí tagarmharcanna a úsáidtear san Aontas le cód aitheantóra arna chomhaontú go domhanda a iarraidh le haghaidh gach ceann de na tagarmharcanna a sholáthraíonn siad lena n-úsáid san Aontas.’;*

(15) leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

- ‘2. Riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige aitheantas a fháil dá dtagraítear in Airteagal 24a(1) agus (3), comhlíonfaidh sé an Rialachán seo, cé is moite d’Airteagal 11(4) agus d’Airteagail 16, 20, 21 agus 23. Féadfaidh an riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír an coinníoll sin a chomhlíonadh trí phrionsabail IOSCO le haghaidh tagarmharcanna airgeadais nó prionsabail IOSCO le haghaidh GTPanna a chur i bhfeidhm, de réir mar is infheidhme, ar choinníoll go bhfuil cur i bhfeidhm den sórt sin coibhéiseach le comhlíonadh an Rialacháin seo, cé is moite d’Airteagal 11(4), agus d’Airteagail 16, 20, 21 agus 23.

Le linn do ESMA a chinneadh an bhfuil an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chomhlíonadh agus le linn dó measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail IOSCO le haghaidh tagarmharcanna airgeadais nó phrionsabail IOSCO le haghaidh GTPanna, de réir mar is infheidhme, féadfaidh sé an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) measúnú ar an riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír arna dhéanamh ag iniúchóir seachtrach neamhspleách;
- (b) deimhniú arna sholáthar ag údarás inniúil an tríú tír ina bhfuil an riarthóir sin lonnaithe.

I gcás ina bhfuil riarthóir tríú tír in ann a léiriú, agus a mhéid atá sé in ann a léiriú, gurb é atá i dtagarmharc a sholáthraíonn sé tagarmharc sonraí rialáilte nó tagarmharc tráchtearraí nach bhfuil bunaithe ar aighneachtaí ó

rannchuiditheoirí arb eintitis faoi mhaoirseacht a bhformhór, ní chuirfear d'oibleagáid ar an riarthóir na ceanglais nach infheidhme maidir le soláthar tagarmharcanna sonraí rialáilte agus tagarmharcanna tráchtearraí, de bhun Airteagal 17 agus Airteagal 19(1), a chomhlíonadh.

3. Beidh ionadaí dlíthiúil ag riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige aitheantas a fháil. Is é a bheidh san ionadaí dlíthiúil duine dlítheanach atá lonnaithe san Aontas, agus arna cheapadh go sainráite ag an riarthóir sin chun gníomhú thar ceann an riarthóra sin a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí an riarthóra faoin Rialachán seo. Déanfaidh an t-ionadaí dlíthiúil, i gcomhar leis an riarthóir, an fheidhm formhaoirseachta a chomhall maidir le soláthar na dtagarmharcanna a dhéanann an riarthóir faoin Rialachán seo agus beidh sé cuntasach do ESMA. ***Féadfaidh ESMA beart maoirseachta a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal 48e, ar an ionadaí dlíthiúil agus ar an riarthóir as ceann de na sárúithe a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 42(1) nó i ndáil le haon chás de neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh maidir le himscrúdú, le hiniúchadh nó le hiarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 de Chaibidil 4.***;

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige aitheantas a fháil dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh sé iarratas ar aitheantas le ESMA. Soláthróidh an riarthóir is iarratasóir an fhaisnéis uile is gá chun go bhféadfaidh ESMA a bheith deimhin de go mbeidh bunaithe aige, tráth an aitheantais, na socrúithe uile is gá chun na ceanglais a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh i ndáil lena thagarmharc nó lena thagarmharcanna a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24. I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an riarthóir is iarratasóir le fios an t-údarás inniúil sa tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh air.

Laistigh de 15 lá oibre ón iarratas a fháil, déanfaidh ESMA measúnú ar an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir dá réir. I gcás ina bhfuil an t-iarratas neamhiomlán, cuirfidh an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis bhreise atá de dhíth ar ESMA. Beidh feidhm ag an teorainn ama dá dtagraítear san fhomhír seo ón dáta a sholáthraíonn an t-iarratasóir an fhaisnéis bhreise sin.’;

(15a) in Airteagal 33(1), leasaítear an fhoclaíocht réamhráiteach mar a leanas:

‘1. Riarthóir atá lonnaithe san Aontas agus atá údaraithe nó cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 34, ag a bhfuil ról soiléir dea-shainithe faoi chreat rialaithe nó cuntasachta riarthóra tríú tír, atá in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar sholáthar tagarmhairc, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig ESMA ar thagarmharc nó fine tagarmharcanna arna soláthar i dtríú tír a fhorhuiniú lena n-úsáid san Aontas, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(15b) leasaítear Airteagal 33, mír 3, mar a leanas:

3. Laistigh de 90 lá oibre ón iarratas ar fhorhuiniú dá dtagraítear i mír 1 a fháil, scrúdóidh ESMA an t-iarratas agus glacfaidh sé cinneadh chun an formhuiniú a údarú nó a dhiúltú.

(15c)

leasaítear Airteagal 33, mír 6, mar a leanas:

- 6. I gcás ina bhfuil cúiseanna a bhfuil bunús maith leo ag údarás inniúil an riarthóra formhuiniúcháin lena mheas nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos faoi mhír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh, beidh an chumhacht aige a cheangal ar an riarthóir formhuiniúcháin scor den fhorhmuiniú agus cuirfidh sé an méid sin in iúl do ESMA. Beidh feidhm ag Airteagal 28 i gcás ina scoirfear den fhorhmuiniú.**

(16) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Duine nádúrtha nó dlítheanach atá lonnaithe san Aontas a ghníomhaíonn nó a bhfuil sé ar intinn aige gníomhú mar riarthóir, déanfaidh sé iarratas chuig an údarás inniúil atá ainmnithe faoi Airteagal 40 den Bhallstát ina bhfuil an duine sin lonnaithe **nó chuig ESMA**, chun go bhfaighidh an duine sin:

- (a) údarú i gcás ina soláthraíonn sé innéacsanna nó i gcás ina bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna criticiúla, mar thagarmharcanna suntasacha, **mar thagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II**, mar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó mar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras;
- (b) clárú i gcás inar eintiteas faoi mhaoirseacht é, seachas riarthóir, a sholáthraíonn innéacsanna nó a bhfuil sé ar intinn aige iad a sholáthar, ar innéacsanna iad a úsáidtear nó atá beartaithe lena n-úsáid mar thagarmharcanna suntasacha, mar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó mar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, ar choinníoll nach bhfuil gníomhaíocht an tsoláthair tagarmhairc faoi chosc ag an disciplín earnálach is infheidhme maidir leis an eintiteas faoi mhaoirseacht agus nach gcáileodh aon cheann de na hinnéacsanna arna soláthar mar thagarmharc criticiúil.’;

(aa) leasaítear Airteagal 34, mír 1a, mar a leanas:

1a. I gcás ina gcáileodh ceann amháin nó níos mó de na hinnéacsanna arna soláthar ag an duine dá dtagraítear i mír 1 mar thagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointí (a) agus (c), nó mar thagarmharcanna suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 24(2), (5) agus (6), nó i gcás ina mbeartaíonn an duine tagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 33 a fhorhmuiniú, cuirfear an t-iarratas faoi bhráid ESMA.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. An t-iarratas dá dtagraítear i mír 1, déanfar é laistigh de 30 lá oibre ó aon chomhaontú a dhéanfaidh eintiteas faoi mhaoirseacht chun innéacs arna sholáthar ag an iarratasóir a úsáid mar thagairt **in** ionstraim airgeadais nó **i** gconradh airgeadais nó chun feidhmíocht ciste infheistíochta a thomhas, nó laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 24a(2) agus (3), de réir mar is infheidhme.’;

(16a) in Airteagal 36(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) go (d):

‘1. Bunóidh agus cothabhálfaidh ESMA clár poiblí ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) céannachtaí na riarthóirí atá údaraithe nó cláraithe de bhun Airteagal 34, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) na riarthóirí sin, agus na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh orthu;

(b) céannachtaí na riarthóirí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30(1), lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, LEI na riarthóirí sin, an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 30(1), lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISINanna) na dtagarmharcanna sin, agus na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh orthu;

(c) céannachtaí na riarthóirí a fuair aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 32, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, LEI na riarthóirí sin, an liosta de thagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32(7), lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, agus, i gcás inarb infheidhme, na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh orthu;

(d) na tagarmharcanna atá formhuinithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 33, céannachtaí riarthóirí na dtagarmharcanna sin, agus céannachtaí na riarthóirí formhuiniúcháin nó na n-eintiteas formhuiniúcháin faoi mhaoirseacht.;

(17) in Airteagal 36(1):

(a) leasaítear pointí (e) go (j):

- ‘(e) na tagarmharcanna, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá faoi réir ráiteas arna fhoilsiú ag ESMA nó ag údarás inniúil de bhun Airteagal 24(2), agus na hipearnaisc chuig na ráitis sin;*
- (f) na tagarmharcanna, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá faoi réir ainmniúcháin ag údaráis inniúla a dtugtar fógra fúthu do ESMA de bhun Airteagal 24(4), agus na hipearnaisc chuig na hainmniúcháin sin;*
- (g) na tagarmharcanna, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá faoi réir ainmniúcháin ag ESMA, agus na hipearnaisc chuig na hainmniúcháin sin;*
- (h) na tagarmharcanna, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá faoi réir fógraí poiblí arna n-eisiúint ag ESMA agus ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 24a(5), agus na hipearnaisc chuig na fógraí poiblí sin;*
- (i) an liosta de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus de Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas;*

- (j) an liosta de thagarmharcanna criticiúla, *lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ISINanna na dtagarmharcanna sin.*’;

(b) cuirtear pointe (ja) leis:

‘(ja) an liosta de thagarmharcanna tráchtearraí faoi réir Iarscríbhinn II, lena n-áirítear ISINanna na dtagarmharcanna sin, atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas.’;

(17a) leasaítear Airteagal 40, mír 1, mar a leanas:

‘1. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh ESMA ina údarás inniúil le haghaidh na riarthóirí seo a leanas:

(a) riarthóirí tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointí (a) agus (c);

(b) riarthóirí na dtagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 32;

(c) riarthóirí na dtagarmharcanna atá suntasach laistigh den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 24(2), (5) agus (6);

(d) riarthóirí a fhorhúiníonn tagarmharcanna arna soláthar i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 33;

(e) riarthóirí Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras dá dtagraítear in Airteagal 3(23a) agus (23b).;

(18) in Airteagal 41(1), cuirtear na pointí (k) agus (l) seo a leanas leis:

‘(k) tagarmharc a ainmniú mar thagarmharc suntasach de bhun Airteagal 24(3);

(l) i gcás forais réasúnacha le bheith in amhras faoi shárú ar aon cheann de na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil 3A, a cheangal go scoirfidh riarthóir de na nithe seo a leanas a dhéanamh, go ceann uastréimhse 12 mhí:

(i) Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar;

(ii) tagairt a dhéanamh do Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE nó do Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras in ainm na dtagarmharcanna a chuireann siad ar fáil lena n-úsáid san Aontas, nó sa doiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta le haghaidh na dtagarmharcanna sin;

(iii) tagairt a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le soláthar na dtagarmharcanna sin in ainm na dtagarmharcanna a chuireann siad ar fáil lena n-úsáid san Aontas, nó sa doiciméadacht dhlíthiúil nó mhargaíochta le haghaidh na dtagarmharcanna sin;’;

(19) leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) aon sárú ar Airteagail 4 go 16, ar Airteagail 19a, 19b, 19c agus 21, ar Airteagail 23 go 29 nó ar Airteagal 34 i gcás ina bhfuil feidhm ag na hAirteagail

sin; agus’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):

‘(i) i gcás sáruihte ar Airteagail 4 go 10, ar Airteagal 11(1), pointí (a), (b), (c) agus (e), ar Airteagal 11(2) agus 3, ar Airteagail 12 go 16, ar Airteagal 21, ar Airteagail 23 go 29 agus ar Airteagal 34, EUR 500 000 nó sna Ballstáit sin nach é an euro an t-airgeadra oifigiúil iontu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an 31 Nollaig 2023; nó’;

(ii) i bpointe (h), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):

‘(i) i gcás sáruihte ar Airteagail 4 go 10, ar Airteagal 11(1), pointí (a), (b), (c) agus (e), ar Airteagal 11(2) agus 3, ar Airteagail 12 go 16, ar Airteagal 21, ar Airteagail 23 go 29 agus ar Airteagal 34, EUR 1 000 000 nó, sna Ballstáit sin nach é an euro an t-airgeadra oifigiúil iontu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an 31 Nollaig 2023, nó 10 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas is déanaí atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, cibé acu is airde; nó’;

(19a) in Airteagal 48e(1), leasaítear an fhoclaíocht réamhráiteach mar a leanas:

Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ESMA go ndearna duine ceann amháin nó níos mó de na sáruihte a liostaítear i bpointe (a) d’Airteagal 42(1), d’aon ghnó nó le faillí, nó nár chomhoibrigh duine le himscrúdú, le hiniúchadh nó le hiarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 den Chaibidil seo nó nár chomhlíon sé iad, glacfaidh ESMA cinneadh lena ngearrfar fineáil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Measfar go ndearnadh sárú d’aon ghnó má thagann ESMA ar thosca oibiachtúla lena léirítear gur ghníomhaigh duine d’aon ghnó chun an sárú a dhéanamh. ;

(19b) in Airteagal 48f, mír 1, leasaítear an chuid réamhráiteach mar a leanas:

‘Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 48i(5), go bhfaigheann ESMA go ndearna aon duine ceann amháin nó níos mó de na sáruihte a liostaítear i bpointe (a) d’Airteagal 42(1), d’aon ghnó nó le faillí, nó aon chás de neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh maidir le himscrúdú, le hiniúchadh nó le hiarraidh a chumhdaítear le Roinn 1 den Chaibidil seo, glacfaidh ESMA cinneadh lena ngearrfar fineáil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Measfar go ndearnadh sárú d’aon ghnó má thagann ESMA ar thosca oibiachtúla lena léirítear gur ghníomhaigh duine d’aon ghnó chun an sárú a dhéanamh.;

(19c) in Airteagal 54, cuirtear mír nua leis:

‘7a. Faoi 31 Nollaig 2028, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an ngá atá le rialáil a dhéanamh ar thagarmharcanna lena ndéantar éilimh a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais, i dteannta Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá aillinithe le Comhaontú Pháras, agus staid agus infhaighteacht tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais i margaí Eorpacha agus domhanda agus a nglacadh sa mhargadh á gcur san áireamh, anailís á déanamh i dtaobh an measfaí iad a bheith ina dtagarmharcanna suntasacha, agus staidéar á dhéanamh ar na costais agus ar

na héifeachtaí ar infhaighteacht an mhargaidh agus ar chineál athraitheach na dtáscairí inbhuanaithe agus na modhanna a úsáidtear chun iad a thomhas. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil freisin an gá atá le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le dlí eile an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088, Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE, chomh maith le Treoirlínte ESMA maidir le hainmneacha cistí a úsáideann téarmaí a bhaineann le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais nó le hinbhuanaitheacht. Beidh measúnú tionchair agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.;

(20) leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 13(2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(7), 27(2b), 33(7), 51(6) agus 54(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 30 Meitheamh 2024. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2028, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí breise comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

‘3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 13(2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(7), 27(2b), 30(2a), 30(3a), 33(7), 48i(10), 48l(3), 51(6) agus 54(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(2), 13(2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(7), 27(2b) 30(2a), 30(3a), 33(7), 48i(10), 48l(3), 51(6) nó 54(3), ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin mura mbíonn aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

(21) in Airteagal 51, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4c. Maidir le húdaráis *náisiúnta* inniúla *a bhfuil sé ar intinn acu tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir a úiríodh i gclár ESMA an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo – 1 lá] a ainmniú*, agus le ESMA *a bhfuil sé ar intinn aige tagarmharc a úiríodh i gclár ESMA nó ar úiríodh a riarthóir i gclár ESMA an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo – 1 lá] a ainmniú*, déanfaidh siad

amhlaidh faoin ... [9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

*Riarthóirí tagarmharcanna a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh an [dáta **theacht** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], **coinneoidh siad an stádas sin go ceann 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo. I gcás ina ndéantar ceann amháin nó níos mó dá dtagarmharcanna a ainmniú laistigh de 9 mí tar éis [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], ní bheidh sé d'oibleagáid ar na riarthóirí ainmnithe iarratas a dhéanamh an athuair** ar údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú de bhun Airteagal 24a(1), (2), nó (3), de réir mar is infheidhme.*

*Riarthóirí tagarmharcanna suntasacha a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh an [dáta **theacht** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], ní bheidh sé d'oibleagáid orthu iarratas a dhéanamh an athuair ar údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú de bhun Airteagal 24a(1) i gcás ina bhfuil ceann amháin nó níos mó dá dtagarmharcanna suntasach de bhun Airteagal 24(1)(a).'*

*Riarthóirí tagarmharcanna a údaraíodh, a cláraíodh, a formhuiníodh nó ar tugadh aitheantas dóibh an [dáta **theacht** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], a chineann an Rialachán seo a chur chun feidhme dá ndeoin féin faoin ... [9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], ní bheidh sé d'oibleagáid orthu iarratas a dhéanamh an athuair ar údarú, clárú, aitheantas ná formhuiniú. ;*

(21a) in Airteagal 53, scriostar mír 1;

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó ó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Comisión Nacional del Mercado de Valores - CNMV
Bloomberg LP
MSCI Limited
Euronext
Intercontinental Exchange Inc.
Index Industry Association
Deutsche Borse AG
UNESPA
FESE
Nasdaq
General Index Ltd.
Asociación Española de la Banca - AEB
AFG
BBVA
EFAMA
London Stock Exchange Group - LSEG
MSCI
Argus Media
CBOE Global Markets

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2016/1011 a mhéid a bhaineann le raon feidhme na rialacha maidir le tagarmharcanna, úsáid tagarmharcanna san Aontas a sholáthraíonn riarthóir atá suite i dtríú tír, agus ceanglais tuairiscithe áirithe			
Tagairtí	COM(2023)0660 – C9-0389/2023 – 2023/0379(COD)			
Dáta tíolactha chun PE	17.10.2023			
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 11.12.2023			
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 11.12.2023	ITRE 11.12.2023	IMCO 11.12.2023	JURI 11.12.2023
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	ENVI 20.11.2023	ITRE 29.11.2023	IMCO 25.10.2023	JURI 29.11.2023
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Jonás Fernández 25.10.2023			
Pléite sa choiste	14.2.2024			
Dáta an ghlactha	4.3.2024			
Toradh na vótála críochnaithí	+: 45 –: 0 0: 2			
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Rasmus Andresen, Stefan Berger, Gilles Boyer, Markus Ferber, Jonás Fernández, Claude Gruffat, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Ondřej Kovařík, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Costas Mavrides, Luděk Niedermayer, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Evelyn Regner, Dorien Rookmaker, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Aušra Seibutytė, Paul Tang, Irene Tinagli, Stéphanie Yon-Courtin			
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Damien Carême, Eider Gardiazabal Rubial, Michael Kauch, Margarida Marques, Johan Nissinen, Dragoș Pîslaru, René Repasi, Andreas Schwab			
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Hildegard Bentele, Daniel Caspary, Ana Collado Jiménez, Andrzej Halicki, Antonius Manders, Elżbieta Rafalska, Rob Rooken, Robert Roos, Javier Zarzalejos, Carlos Zorrinho			
Dáta don chur síos	7.3.2024			

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

45	+
ECR	Elzbieta Rafalska, Rob Rooken, Dorien Rookmaker, Robert Roos
NI	Enikő Győri
PPE	Hildegard Bentele, Stefan Berger, Daniel Caspary, Ana Collado Jiménez, Markus Ferber, Andrzej Halicki, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Antonius Manders, Luděk Niedermayer, Andreas Schwab, Ralf Seekatz, Aušra Seibutytė, Javier Zarzalejos
Renew	Gilles Boyer, Michael Kauch, Ondřej Kovařík, Dragoș Pîslaru, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pedro Marques, Costas Mavrides, Evelyn Regner, René Repasi, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli, Carlos Zorrinho
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen

0	-

2	0
ECR	Johan Nissinen
ID	France Jamet

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh